Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 25 Aibreán 2025

CM 2435/1/25
REV 1

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2025/0037(NLE)
2025/0038(NLE)

ANTIDISCRIM
COCON
COHOM
COPEN
DROIPEN
EDUC
FREMP
JAI
MIGR
SOC

# TEACHTAIREACHT

## AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | wp-fremp@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2.281.6219 |
| Ábhar: | – CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, maidir leis na leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais<br>– CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir leis na leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le non-refoulement<br>= *Glacadh*<br>= *Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid*<br>= ***Síneadh curtha leis an sprioc go dtí Dé Luain, an 28 Aibreán 2025, 15.00 (am na Bruiséile)*** |

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2), an 16 Aibreán 2025, an nós imeachta i scríbhinn a úsáid (féach 7903/25), iarrtar oraibh a chur in iúl an aontaíonn sibh le glacadh an mhéid seo a leanas:

a) an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Iostanbúl, maidir leis na leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais mar a leagtar amach in 7294/25 iad, agus mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch orthu.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

Agus

b) an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Iostanbúl, maidir leis na leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le non-refoulement mar a leagtar amach in 7295/25 iad, agus mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch orthu.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle **faoi 15.00** CET (am na Bruiséile), **Dé Luain, an 28 Aibreán 2025**, le ríomhphost chuig WP-FREMP@consilium.europa.eu.

Is tráth a fhreagraítear an cheist ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh.